C/2024/3496

29.5.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11468 — IBM / CERTAIN SOFTWARE AG PRODUCTS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3496)

1. An 16 Bealtaine 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— International Business Machines Corporation ('IBM', na Stáit Aontaithe),

— Is eintiteas sainchuspóireach é SAG Integration US LLC (an 'Sprioc', na Stáit Aontaithe) a mbeidh na gnóthaí maidir leis na bogearraí teicneolaíochta fiontair webMethods agus StreamSets de chuid Software Aktiengesellschaft ('SAG', an Ghearmáin), faoi rialú Silver Lake Group, L.L.C. (na Stáit Aontaithe), faoina úinéireacht.

Gheobhaidh IBM rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an Sprioc ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá IBM gníomhach ar fud an domhain i bhforbairt, táirgeadh agus margaíocht réimse leathan de réitigh TF, mar atá bogearraí TF agus córais TF le haghaidh fiontar (mar shampla freastalaithe, córais stórála, seirbhísí néalríomhaireachta, agus tairiscintí cognaíocha) agus seirbhísí cur chun feidhme TF (mar shampla seirbhísí comhairliúcháin gnó agus seirbhísí bonneagair TF).

— Tá an Sprioc comhdhéanta de na bogearraí teicneolaíochta fiontair webMethods agus StreamSets de chuid SAG, ar bogearraí iad a scarfar ó línte táirgí eile SAG. Is ardán bainistithe comhéadan le haghaidh ríomhchlárú comhtháthaithe agus ríomhchlárú feidhmchlár é webMethods, ardán a úsáidtear ar áitribh agus i réimse na néalríomhaireachta. Is ardán néalbhunaithe é StreamSets le haghaidh oibríochtaí sonraí agus iontógáil sonraí, ardán lenar féidir le fiontair rochtain a fháil ar shonraí ar fud réimse leathan d'fhoinsí agus de chineálacha sonraí, agus lenar féidir leo na sonraí sin a sholáthar.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11468 — IBM / CERTAIN SOFTWARE AG PRODUCTS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').